GX1240

# OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

## AN DARA SCRÚDÚ OLLSCOILE: SEIMEASTAR II, 1999-2000

## Stair: HI 251 Éire sa Naoú hAois Déag

**An Dr Seán Duffy**
**An tOllamh Nicholas Canny**
**An Dr Máire Harris**

**Am ceadaithe: dhá uair**
**Freagair trí cheist**

1. Pléigh an tuairim nár fágadh gan chumhacht pholaitiúil ar fad iad siúd nach raibh cearta vótála acu sa 19ú haois.

2. Cad iad na hathruithe is mó a tháinig ar na struchtúir chumhachta polaitiúla in Éirinn sa 19ú haois?

3. Déan iniúchadh ar scileanna Dhónaill Uí Chonaill mar straitéisí polaitiúil.

4. Scrúdaigh agus mínigh cad is bonn leis na léiriúcháin difriúla a rinneadh ar an ngorta.

5. Déan tráchtaireacht ar na hathruithe a tháinig ar stádas na bProtastúnach in Éirinn sa 19ú haois, agus na himpleachtaí a bhain leis na hathruithe sin.

<u>**nó**</u>

Cad iad na deacrachtaí a bhain le cineál polaitíochta a mheallfadh idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh a chur chun cinn in Éirinn sa 19ú haois?

6. Déan iniúchadh ar na deacrachtaí a bhí ag rialtais na Breataine agus iad ag iarraidh dul i ngleic le ceist na corraíle in Éirinn sa 19ú haois.

7. Mínigh cad ba bhonn le dul chun cinn Parnell sna 1880í.

8. Cén difríocht, ó thaobh na polaitíochta de, a bhí idir cúige Uladh agus an chuid eile den tír ag deireadh an 19ú haois agus tús an 20ú haois?

9. Ar chabhair nó a mhalairt í ceist na talún do Náisiúntóirí sa 19ú haois?

10. Pléigh tuairimí contrártha John Newsinger agus R.V. Comerford an i leith an Fhíníneachais.

**thall ...**

11. 'To the Irish all History is Applied History, and the past is simply a convenient quarry which provides ammunition to use against enemies in the present.' [ATQ Stewart, *The Narrow Ground: Patterns of Ulster History* (Béal Feirste, 1977)] Pléigh fírinne an ráitis seo maidir leis an 19ú haois.

12. Pléigh na haidhmeanna a bhí acu siúd a rinne iarracht meas ar oidhreacht chultúrtha na hÉireann a chothú sa 19ú haois agus tús an 20ú haois.